

Tuarascáil ar an Rith/Siúlóid a bhí ag Cumann Lúthchleasaíochta Mhúscraí Thiar ar Sheachbhóthar Mhaigh Chromtha

N22BBM

Bhí áthas ar Jons Civil Engineering-John Cradock JV agus ar Chomhairle Contae Chorcaí deis a thabhairt do Cumann Lúthchleasaíochta Mhúscraí Thiar imeacht tiomsaithe airgid ar scála mór a reáchtáil ar Sheachbhóthar nua Mhaigh Chromtha sular osclaíodh don phobal é. Bhí an ócáid féin ar siúl Dé Domhnaigh 27 Samhain 2022 agus d'éirigh thar barr leis, le idir 2,500 agus 3,000 duine rannpháirteach.

Seo cuntas Chumann Lúthchleasaíochta Mhúscraí Thiar ar an ócáid:

Bhí Cumann Lúthchleasaíochta Mhúscraí Thiar ag bailiú airgid le haghaidh halla nua spóirt ar a bhfearrann traenála in Iomraire agus dúradh linn go mb'fhéidir go mbeadh suim ag Conraitheoir an Seachbhóthair urraíocht a sholáthar don tionscadal mar go raibh urraíocht déanta acu ar roinnt imeachtaí áitiúla cheana. Bheartaíomar gan urraíocht a lorg ach ina ionad, do loirgiomar cead rás bóthair nó sraith rásaí bóthair a reáchtáil ar an Seachbhóthar críochnaithe. Sheolamar ár litir thogra ar an 24 Lúnasa 2021. De réir mar a bhí an bóthar ag dul ar aghaidh, do leanamar ag fiosrú an bhféadfaí an imeacht seo a dhéanamh.

Nuair a tháinig an scéala go mb'fhéidir go mbeadh cuid den Seachbhóthar oscailte roimh an Nollaig, d'fhiafraíomar arís an mbeadh ár dtogra indéanta. Fuair eamar an glaach trí seachtaine ó shin go bhféadfaid sé a bheith indéanta dá mbeadh ár n-árachas in ord chomh maith le slánaíocht don chonraitheoir, Bonneagar Iompair Éireann, agus Comhairle Contae Chorcaí.

Nuair a bhí ár n-árachas socraithe bhí roinnt cruinnithe ag ár gCoiste - Collette O'Riordan, Rúnaí an Chlub, Sheila Daly, Cisteoir, Jeremy Kelleher, Leas-Chathaoirleach, Brian O'Shea, Cathaoirleach agus Brighid Mullane, Cláráitheoir. Cruinnithe iad seo a lean go déanach amach san oíche go minic, chun plean a chur le chéile. Bhí Plean Mheasúnaithe Riosca agus Plean Leighis ag teastáil, maí le heagrú, Otharcharranna a chur in áirithe don lá agus foireann gharchabhraigh ar rothair le heagrú agus liosta le hullmhú de na rudaí a bhí ag teastáil ar an lá chun ócáid an-speisialta a dhéanamh de do chách. Ina dhiaidh sin bhí cúpla turas ar an Seachbhóthar le déanamh, b'é Cole na Comhairle Contae a rinne an tiomáint, chun fad slí, marcóirí agus páirceáil a oibriú amach.



Comhartha ag taispeáint na n-urraitheoirí



Leanaí ó West Muskerry AC atá réidh le dul

Cuireadh uainiú sliseanna do na 'Pop-Up Races' in áirithe don rás agus bheartaíomar roinnt urraitheoirí a lorg chun cabhrú leis an gcostas. Tháinig Folláin, Comhairle Contae Chorcaí agus Jons Civil Engineering/John Cradock/JV Ltd ar bord. Sholáthair na hurraitheoirí tacaíocht ó Mhaigh Chromtha bioráin sábhála le haghaidh uimhreacha, bananaí, uisce, barraí gránach, ceapairí do mhaí agus bhíomar muiníneach go raibh gach rud chun oibriú amach i gceart.

Tús luath fluich a bhí ann nuair a tháinig an mhaidin agus bhíomar gnóthach ag cur pubaill in airde, nuair a thriomaigh sé suas agus ó 10.30 go 16.30 bhí sruth leanúnach carranna againn. Bhí an cuma air gur tháinig an Pobal ar fad amach chun tacú leis an ócáid. Bhí dordán san aer. Gach éinne ag imeacht timpeall le haoibh an ghéire orthu agus iad ag bualadh le daoine nár bhuail siad leo ó bhí Covid ann agus iad ar fad thar a bheith sásta an deis a fháil rith/siúl ar an Seachbhóthar.

Bhí an t-aiseolas ón imeacht thar a bheith dearfach. Ní bhfuaireamar aon ghearáin ar chor ar bith. Bhí gach duine an-sásta agus mhol siad sinn as imeacht a bhí eagraithe go han-mhaith. Cuid den méid a bhí le rá ag an bpobal:

“Míle buíochas leis an lucht eagraithe go léir. Lá iontach a bhí ann le atmaisféar álainn agus deis aon uaire a bhí ann” (Sinéad Twomey)

“Míle buíochas do gach éinne a bhí páirteach in eagrú an lae inné. Lá iontach a bhí ann don Phobal” (Margaret Coakley)

“Maith sibh as imeacht a ritheadh go han-mhaith. Éacht lóistíochta a bhí ann gach ceann de na hachair reatha/siúlóide a eagrú. Bhí gach rud eagraithe go hiontach ar fad ón bpáirceáil, piocadh uimhreacha, na maoir a bhí ana-chairdiúil agus an fhoireann tacaíochta. B’as an Bhéilic i Maigh Chromtha m’athair, cailleadh é anuraidh, agus ba bhreá leis a bheith ann inniu. Stop mé chun roinnt grianghraf de Mhuilte na Béilice a thógaint i gcuimhne air. Ag súil le taisteal ar an seachbhóthar ón áit a bhfuil cónaí orm i gCill Orglan chun cuairt a thabhairt ar mo mhuintir i gCathair Chorcaí. Cuimhneoidh mé i gcónaí ar Sheachbhóthar Mhaigh Chromtha den chéad uair le gean (seachas an cnoc go dtí an líne chríochnaithe)” (Susanne)

Tá Cumann Lúthchleasaíochta Mhúscaí Thiar thar a bheith bródúil as mar a chuaigh an lá. Le breis is 630 ball sa chlub anois, as chomh fada i gcéin le Dún Mánmhaí, Baile Bhuirne, Sráid an Mhuilinn, Lios Ardachaidh, Na hUamhanna, Béal Átha na Graí, Réidh na nDoirí agus go leor eile ag fanacht le teacht isteach i 2023. Rachaidh an t-airgead a bhailítear chun sochair an chlub go mór agus cabhróidh sé leis an bpobal ar fad maidir le fanacht aclaí agus sláintiúil. Gheobhaidh Gairdín Sióg Mhaigh Chromtha agus Seanóirí Mhaigh Chromtha síntiús ón gclub chomh maith.

Ba iad Buaiteoirí an 5k:

Fir: 1ú Johnny Collins, 2ú Cillian McNamara agus 3ú Adhamh O’Leary

Mná: 1ú Rachael O’Shea, 2ú Eanna Duff, 3ú Saoirse Twomey

10 míle:

Fir: 1ú Derek Griffin, 2ú Brian Murphy agus 3ú Michael Herlihy

Mná: 1ú Carol Finn, 2ú Clara Ryan agus 3ú Benedetta Bacostra

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Jons Civil Engineering/John Cradock/JV Ltd. as cead a thabhairt dúinn an ócáid an-speisialta seo a reáchtáil ar an seachbhóthar agus cuimhneofar air go ceann blianta amach romhainn. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil lenár bPríomh-Urraitheoirí agus lenár n-urraitheoirí go léir agus le haon duine a chabhraigh in aon slí chun an ócáid a bhaint amach. Má fhaigheann muid riamh an deis a leithéid d’ócáid a reáchtáil ar thaobh Bhaile Bhuirne den Seachbhóthar, bheadh áthas orainn, ach le carthanachtaí ó Bhaile Bhuirne, ach sin scéal do lá eile.

Dar dáta 29 Samhain, 2022
Cumann Lúthchleasaíochta Mhúscaí Thiar



Ba mhaith leis an gconraitheoir comhghairdeas a dhéanamh le Cumann Lúthchleasaíochta Mhúscaí Thiar as imeacht an-eagraithe agus rathúil, imeacht a mhairfidh i bhfad i gcuimhní cinn na ndaoine a ghlac páirt ann. D’fhéach na déithe go cineálta ar an imeacht agus bhí an aimsir iontach ar feadh an chuid is mó den lá, in ainneoin go raibh deireadh mhí na Samhna ann beagnach. Táimid ag súil go mór le hoscailt Sheachbhóthar Mhaigh Chromtha, ar cuid é de thionscadal foriomlán Forbartha BBM an N22, ar an 9 Nollaig 2022 agus táimid ag brú ar aghaidh leis an gcuid eile den tionscadal le súil an tionscadal iomlán a bheith críochnaithe roimh dheireadh 2023.